

**HFA**An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta
Housing Finance Agency

Ról do Chéimí Airgeadais agus Cuntasaíochta

Conradh Téarma Seasta Dhá Bhliain



Maidir leis an nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta (GAT)

Cuireann an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt (GAT) airgeadas iasachta ar fáil d'Údaráis Áitiúla, do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus d'Institiúidí Ardoideachais chun seachadadh tithíochta sóisialta agus inacmhainne a éascú. Is príomhpháirtí leasmhara é an GAT i straitéis tithíochta náisiúnta na hÉireann, ag tacú le cur i bhfeidhm bheartas an Rialtais agus ag cabhrú le tithe agus pobail a sheachadadh ar fud na hÉireann.

Tosaigh Do Ghairm le Diongbháilteacht

Ag an GAT, beidh deis agat do ghairm a fhorbairt agus tú ag cur le hobair a dhéanann fíordhifriocht. Tugann ár ról do Chéimí Airgeadais & Cuntasaíochta nochtadh leathan ar fud na feidhme Airgeadais, ag soláthar taithí phraiticiúil, deiseanna foghlama agus an deis scileanna a fhorbairt do ghairm phroifisiúnta.

Le linn an róil, oibreoidh tú in éineacht le gairmithe airgeadais a bhfuil taithí acu, cuirfidh tú le hobair fhiúntach agus gheobhaidh tú nochtadh luachmhar d'oibríochtaí airgeadais, tuairisciú, cuntais iníochta, rialachas agus airgeadas na hearnála poiblí.

Tugann an ról seo deis do chuid eolais a fhorbairt, do mhuinín a chothú agus boinn láidre a bhunú do ghairm bheatha amach anseo san airgeadas agus sa chuntasaíocht.

**HFA**An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta
Housing Finance Agency

Maidir leis an Ról

Soláthraíonn an ról céimithe dhá bhliain seo taithí phraiticiúil ar fud príomhdhisciplíní airgeadais laistigh den GAT, rud a chabhraíonn leat boinn láidre a thógáil i dtuairisciú airgeadais, oibríochtaí, rialuithe agus airgeadas na hearnála poiblí.

An t-Eispéireas a Bheidh Agat

Cuntasaíocht & Tuairisciú Airgeadais

Cuidiú le próisis tuairiscithe airgeadais míosúla agus deireadh bliana.

Tacú le réiteach cuntas agus rialuithe airgeadais.

Cuidiú le doiciméid a ullmhú le haghaidh iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha.

Tacú le riachtanais reachtúla, rialála agus tuairiscithe bainistíochta.

Oibríochtaí & Rialuithe Airgeadais

Tacú le hoibríochtaí airgeadais laethúla GAT, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iníoctha cuntas, próiseáil sonraisc soláthraithe, riarachán reachtála íocaíochta, agus ceisteanna ó sholáthróirí a réiteach.

Cuidiú le hidirbhearta airgeadais, le comhréitigh agus le rialuithe airgeadais.

Taifid agus doiciméid airgeadais chruinne a choinneáil.

Tacú le feabhas leanúnach a chur ar phróisis agus ar chórais airgeadais.

Anailís & Tionscadail Airgeadais

Cuidiú le hanailís airgeadais agus tuairisciú bainistíochta.

Tacú le tionscadail feabhsúcháin airgeadais agus athbhreithnithe próisis.

Cur le tionscnaimh a fheabhsaíonn éifeachtúlacht, rialuithe agus tuairisciú.

Ag obair i gcomhar le chéile ar fud na ranna maidir le gníomhaíochtaí feabhsúcháin gnó.

Airgeadas & Rialachas na hEarnála Poiblí

Tacú le gníomhaíochtaí rialála agus comhlíonta.

Cuidiú le tuairisciú do Ranna Rialtais agus do pháirtithe leasmhara seachtracha.

Tuiscint a fhorbairt ar chreataí rialachais agus cuntasachta na hearnála poiblí.

An Té atá á Lorg Againn

Táimid ag lorg céimithe atá fiosrach, spreagtha agus a bhfuil fonn foghlama orthu. Bainfidh tú sult as a bheith ag obair le huimhreacha, ag déanamh anailíse ar fhaisnéis agus ag réiteach fadhbanna, agus tú compordach ag obair le comhghleacaithe, ranna agus soláthraithe ar fud na heagraíochta freisin.

**HFA**An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta
Housing Finance Agency

Is duine thú:

- A bhfuil suim dhairíre acu san airgeadas, cuntasáíochta agus gnó.
- A léiríonn scileanna anailíseacha maith agus aird mhaith ar mhionsonraí.
- Atá fonn ort foghlaim, scileanna nua a fhorbairt agus glacadh le dúshláin nua.
- A dhéanann cumarsáid éifeachtach agus ar féidir leo caidrimh dhearfacha oibre a thógáil.
- A sheasann chun tosiagh agus atá sásta cur le smaointe agus réitigh.
- Atá eagraithe agus in ann tosaíochtaí iomaíocha a bhainistiú.
- A bhaineann taitneamh as a bheith ag obair go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann araon.
- Atá spreagtha ag seirbhís phoiblí agus ag cur go dearfach le tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar in Éirinn.

Riachtanais Iontrála

Le bheith incháilithe don ról, beidh na nithe seo a leanas agat:

- Céim Leibhéal 8, le dámhachtain 2.1 ar a laghad, i gCuntasáíocht, Airgeadas, Gnó, Eacnamaíocht nó disciplín gaolmhar.
- Fíor-spéis i ngairm a fhorbairt san airgeadas, sa chuntasaíocht, nó sa bhainistíocht airgeadais.
- Dúil i staidéir a thosú nó leanúint ar aghaidh i dtreo cáilíocht aitheanta chuntasaíochta gairmiúla ar nós ACA, ACCA, CIMA nó CPA.
- Scileanna láidre anailíseacha, uimhriúla agus réitigh fadhbanna.
- Scileanna cumarsáide scríofa agus labhartha den scoth.
- Eolas maith ar Microsoft Excel agus ar fheidhmchláir eile Microsoft Office.
- Incháilitheacht chun oibriú in Éirinn ar feadh fad an ról.

Príomhinniúlachtaí

Beidh an t-iarthóir feiliúnach in ann a léiriú conas a ailíníonn a scileanna, a dtaithe agus a gcur chuige le buninniúlachtaí **Oifigeach Cléireachais**.

Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil

Le linn an ról, gheobhaidh tú tacaíocht struchtúrtha chun do chuid eolais theicniúil, do mhuinín agus do chumas gairmiúil a fhorbairt.

- Meantóir tiomnaithe, traenáil rialta agus aiseolas ó ghairmithe airgeadais a bhfuil taithí acu.
- Deiseanna foghlama ábhartha inmheánacha agus seachtracha.
- Teagmháil le ceannairí sinsearach agus deiseanna oibriú le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta.

Commented [KS1]: Suggestion - remove the full list of competencies and use this line with the hyperlink instead. Alternatively we could attach the CO competency as an appendix .

**HFA**An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta
Housing Finance Agency

- Deiseanna páirt a ghlacadh i dtionscadail thrasfheidhmiúla agus i dtionscnaimh feabhsúcháin leanúnacha.
- Tacaíocht i dtreo cáilíocht aitheanta chuntasaíochta gairmiúla a bhaint amach, lena n-áirítear cúnamh staidéir agus saoire staidéir i gcomhréir le beartas GAT.

Do Phá agus do Shochair

Is é €611.75 in aghaidh na seachtaine an tuarastal tosaigh, íoctha coicísiúil (€1,223.50 roimh asbhaintí), comhionann le €31,918.75 measta in aghaidh na bliana. Tá dul chun cinn incriminteach i bhfeidhm, faoi réir feidhmíocht shásúil agus beartas pá na hearnála poiblí.

Chomh maith le tuarastal, beidh rochtain ag an iarrthóir rathúil ar:

- 23 lá de shaoire bhliantúil móide laethanta saoire poiblí.
- Seachtain oibre 35 uair an chloig.
- Socruithe oibre cumaisc, le dhá lá ar a laghad in aghaidh na seachtaine in oifig Bhaile Átha Cliath.
- Timpeallacht oibre chomhoibritheach atá dírithe ar dhaoine.

Conradh

Tairgfear an ceapachán ar chonradh téarma sheasta dhá bhliain, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha atá leagtha amach sa chonradh fostaíochta.

Próiseas Roghnúcháin

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas roghnúcháin:

- Scagadh agus gearrliostú iarratais.
- Measúnachtaí inniúlachta ar líne.
- Agallamh bunaithe ar inniúlacht.
- Fíorú teistiméireachta agus cáilíochta.

Déanfar measúnú ar iarrthóirí i gcoinne na n-inniúlachtaí a leagtar amach thuas, le béim ar aclaíocht foghlama, cumas anailíse, scileanna cumarsáide agus spreagadh chun gairm beatha a fhorbairt in airgeadas agus cuntasaíocht.

Cén Fáth Teach Linn?

- Cur le hobair a thacaíonn le tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar ar fud na hÉireann.
- Taithí leathan a fháil ar fud gníomhaíochtaí airgeadais, cuntasaíochta, státchiste agus rialachais.
- Oibriú in éineacht le comhghleacaithe a bhfuil taithí acu agus atá tacúil.
- Scileanna luachmhara agus taithí ghairmiúil a fhorbairt go luath i do ghairm bheatha.

**HFA**An Ghníomhaireacht
Airgeadais Tithíochta
Housing Finance Agency

- Do ghairm bheatha a fhorbairt in institiúid airgeadais uathúil de chuid na hearnála poiblí.

Conas Iarratas a Dhéanamh

Cuir CV suas chun dáta agus litir chumhdaigh ghearr isteach, le do thoil, ina leagtar amach do spéis i ról do Chéimí Airgeadais & Cuntasaíochta agus conas a ailíníonn do chuid scileanna, cáilíochtaí agus luachanna leis an ról.

Dáta deiridh	3 i.n., 21 Deireadh Fómhair 2026
Nasc iarratais	HireHive

Má theastaíonn an cur síos poist seo uait i bhformáid inrochtana nó má theastaíonn socrúithe réasúnta uait le linn an phróisis earcaíochta, déan teagmháil le Katherina Sage, Bainisteoir Acmhainní Daonna ag KSage@HFA.ie.

Tá gach tairiscint poist faoi réir teistiméireachtaí sásúla, fíorú cáilíochta agus aon seiceálacha réamhfhostaíochta eile is infheidhme maidir leis an ról.

Is fostóir comhdheiseanna í an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt.